

DRÉACHTPHLEAN FORBARTHA CONTAE CHIARRAÍ 2022-2028

## CAIBIDIL 6

# POBAIL INMHARTHANA





- 6.0 Pobail Inmharthana**
- 6.1 Réamhrá**
  - 6.1.1 Próifíl Daonra & Pobail**
  - 6.1.2 Gníomh Aeráide agus Pobail Inmharthana**
  - 6.1.3 An Coiste Áitiúil Forbairt Pobail (LCDC)**
  - 6.1.4 An Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (LECP) 2016-2022**
  - 6.1.5 Gréasán Páirtíocht Phoiblí Chiarraí (PPN)**
- 6.2 Beatha Inmharthana**
  - 6.2.1 Pobail Bheatha-Oibre**
  - 6.2.2 Pobail Sláintiúla**
  - 6.2.3 Tithíocht do Phobail Inmharthana**
  - 6.2.4 Dearadh Uilíoch**
  - 6.2.5 Daoine faoi Mhíchumas**
  - 6.2.6 Pobail Tacaoise**
  - 6.2.7 I dtreo Chiarraí Éagsúil agus Imeachta**
    - 6.2.7.1 Grúpaí Mionlaigh Eitneach**
- 6.3 Bonneagar Pobail, Seirbhísí agus Áiseanna**
  - 6.3.1 Spórt, Áiseanna Fóillíochta agus Spás Oscailte**
  - 6.3.2 Leabharlanna**
  - 6.3.3 Seirbhísí Sláinte**
  - 6.3.4 Oideachas agus Foghlaim go ceann an tSaoil**
  - 6.3.5 Leanaí agus Daoine Óga**
  - 6.3.6 Cúram Leanaí**
  - 6.3.7 Ionaid Adharta, Reiligí agus Créamatóirí**
  - 6.3.8 Stáisiúin Dóiteáin**



## 6.0 Pobail Inmharthana

### 6.1 Réamhrá

Aithníonn an Chomhairle go bhfuil bonneagar pobail agus sóisialta ardchaighdeán go hiomlán riachtanach do chách, ní mór láithreacha cuí agus a bheith i dteannta tithíocht is forbairtí eile chun fanúint laistigh de phobail a bheidh inmharthana agus pleanáilte mar is cóir. Sa chaibidil seo iarrtar ar áiseanna ardchaighdeán a sholáthar a fhreagróidh do riachtanais reatha agus amach anseo, iad ar fáil ag cách beag beann ar aois agus cumas ach ag feabhsú cáilíocht na beatha i bpobail bheomhara inmharthana idir uirbeach agus tuaithe. I gCaibidil 7, Tithíocht do Chách, tógtar ar choincheap Pobail Inmharthana agus ba chóir é sin a léamh i dteannta na bpolasaithe níos leithne a liostáiltear anso thíos.

Díríonn an mhír seo ar na rudaí a chuireann le pobail sláintiúla, inmharthana, imeasctha agus tarraingteach ar bhonn a chuireann le cáilíocht bheatha na ndaoine agus gaol leis an dúthaigh, ach san am gcéanna ag laghdú an lorg coise carbóin.

Agus an Chomhairle ag feidhmiú Polasaí Pleanála sa réimse leathan seo, tacaítear leis an gcreat pobail agus idiráisiúnteachta a mhaireann sa Chontae, san áireamh tá An Coiste Forbartha Pobail Áitiúla agus An Gréasán Páirtíocht Phoiblí. Cuirfear torthaí polasaí sa chuid seo den phlean chun cinn mar chuid den réimse leathan polasaí a bhaineann le Éire Sláintiúil, Tacaíocht, Míchumas agus Clár Grúpaí Mionlaigh chomh maith le polasaithe Sláinte Náisiúnta & Oideachais.

Míníonn an Institiúid Pobail Inmharthana an téarma pobal inmharthana mar cheann atá “somheanmnach maidir le geilleagar, comhshaol agus sláinte sóisialach”. Gnéithe de phobal inmharthana is ea timpeallacht slán sábháilte a fhreastalaíonn ar ghá an phobail go hiomlán agus geilleagar láidir mar a bhfuil deiseanna fostaíochta agus meas ar an dtimpeallacht.



**Figiúr 6.1: Gnéithe na hInmharthanachta agus Cáilíocht Beatha: Curtha in oiriúint ó roth Egan ar inmharthanacht agus cáilíocht beatha (2004)**



Léiríonn an figiúr anso thuas na factóirí a bhaineann le pobail inmharthana agus a théann i bhfeidhm ar cháilíocht beatha.

Díríonn cúrsaí spásúla an phlean seo i dteannta an Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (LECP) ar phobail 'saothar beo' trí fhorbairt eacnamaíoch a chur chun cinn chomh maith le struchtúr éagsúil cuimsitheach. Ligfear do dhaoine, seachas díreach maireachtaint sa Chontae, infheistíocht, saothar agus foghlaim a dhéanamh i gCiarraí freisin.

Féadfar pobal inmharthana a chruthú trí fhoirgintí agus spás a dheantar mar is cóir chun imoibriú sóisialta, rochtain saoráideach maraon le timpeallacht oscailte sábháilte a spreagadh. Má bhíonn timpeallacht taitneamhach ann a choimeádtar go maith cruthófar aitheantas a chuireann le spiorad an phobail i gceantar áitiúil.

Díríonn an Plean seo ar phobail inmharthana a spreagadh trí mheascán aonaid tithíochta oiriúnacha a spreagadh maraon le seirbhísí, fostaíocht, áiseanna pobail agus an bonneagar gaolmhar ar láithreacha cuí. Moltar nuair is féidir go mbíonn áiseanna pobail gar don tithíocht chun siúl chucu a éascú, iad ar fáil go héasca ag cách agus leagtha amach go hoiriúnach don úsáid mheasctha idir dhearadh agus leagan amach.

Tá sé mar pholasaí ag an gComhairle a chinntiú go bhforbraítear tithíocht, iompar, seirbhísí agus áiseanna, an ríocht phoiblí san áireamh, ach díriú ar fhreagairt do na riachtanais agus deiseanna a bhíonn ag daonra atá ag dul in aois.

## Pobail Inmharthana

### Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:


**KCDP 6-1** Pobail bheomhar inmharthana a spreagadh is tacú leo i gCiarraí chun deiseanna a thabhairt do dhaoine maireachtaint, dul ag obair, agus taitneamh a bhaint as áiseanna pobail, sláinte, oideachais agus fónais a bheidh oiriúnach do chách idir uirbeach is tuaithe chun cur le cáilíocht na beatha do gach éinne.

### 6.1.1 Próifíl Daonra & Pobail

Chun straitéis a chruthú a phléfidh le riachtanais an phobail gné lárnach is ea tuiscint ar struchtúr déimeagrafaíoch an Chontae. Tá pobal Chiarraí níos sine ná meán an stáit. I 2016 bhí an aois mheánach mar 40.2 bhliain (an dara ceann is airde sa stát) agus bhí breis is 17% den daonra os cionn 65.

Tá an cóimheas cleithiúnais i gCiarraí níos airde<sup>1</sup> ná an chuid eile den stát: 27% i gcoinne 20%. Léiríonn Figiúr 6.1 próifíl aois an Chontae i gcomparáid leis an dTír ar fad.

<sup>1</sup> Daoine os cionn 65 mar % den daonra lucht oibre



**Figúir 6.2: Próifíl Aois Chiarraí/An Stát (CSO)**

Cosúil le tréithe daonra náisiúnta tá muintir an Chontae ag maireachtaint níos faide ná mar a bhíodh agus dá bhrí sin beidh gá le freagraí cinnte chun a chinntiú go mbeidh pobail tacaíse againn sa todhchaí. Beidh tionchar ag na freagraí úd ar dhearadh agus láithreacha tithíochta agus áiseanna pobail, san áireamh beidh cúrsaí iompair.

Tá géarghá le cur chuige comhoibrithe ag na páirtithe leasmhara ar fad i.e. an stát, údaráis áitiúla, grúpaí deonacha agus pobail agus an earnáil phríobháideach chun áiseanna pobail a sholáthar ar bhonn leanúnach nuair is gá. Bíonn ról lárnach ag an gComhairle is iad ag éascú is ag tacú leis na riachtanais aitheanta úd.

### Próifíl Daonra & Pobail

#### Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

**KCDP 6-2** Tacú le soláthar agus scaipeadh réimse áiseanna bonneagair phobail de réir na Straitéisí Lonnaíochtaí agus Lárnacha chun freagairt do riachtanais struchtúr daonra an Chontae i dteannta grúpaí eile reachtúla, deonacha, áisinteachtaí ón earnáil phríobháideach agus grúpaí pobail.

### 6.1.2 Gníomh Aeráide agus Pobail Inmharthana

Féadfaidh pleanáil spásúil ár bpobail ról lárnach a bheith acu sa ghníomhú aeráide. Maidir leis sin, i measc rudaí eile beidh an t-údarás pleanála bainteach le:

- Cinntiú go bhforbraítear cúram leanaí, oideachas, cúram sláinte agus áiseanna speisialtachta is pobail chun astuithe ceaptha teasa a laghdú trí ligean do dhaoine taisteal nuair is féidir ar mhodhanna iompair inmharthana mar iompar poiblí, siúlóid agus rothaíocht.
- Cinntiú go mbíonn Caighdeán Nach mór Zero Fuinnimh Tógála ann agus go dtógann dearadh agus leagan amach ceann de thorthaí an athrú aeráide.
- Tacú le haghneachtaí pobail um uasghrádú agus aischóiriú na n-áiseanna pobail ar fad chun éifeacht fuinnimh a fheabhsú is astuithe carbóin a laghdú.
- Coimeád agus leathnú an bhonneagar glais ins na forbairtí



- Feasacht a chothú maidir le heolas agus cabhrú leis an bpobal chun plé le cúrsaí aeráide trí Ghréasán Páirtíocht Phoiblí Chiarraí
- Tacú le tionscadail bhunaithe sa phobal maidir le táirgeadh bia, laghdú dramhaíl bia agus tionscadail eile gaolmhara a spreagann teacht aniar agus a mhaolaíonn an t-athrú aeráide

### Gníomh Aeráide & Pobail Inmharthana

#### Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

<b>KCDP 6-3</b>	Leanúint den tacaíocht chun pobail inmharthana a chruthú ar fud an chontae trí cheantair chomharsanachta mar a mbeidh naisc láidre agus ceangal le seirbhísí áitiúla, áiseanna pobail agus ceantair fhostaíochta maraon le tús áite a thabhairt don iompar poiblí.
<b>KCDP 6-4</b>	Tionscadail bhunaithe sa phobal a éascú agus tacú leo, iad siúd a bhaineann le táirgeadh bia, laghdú dramhaíl bia agus tionscadail eile gaolmhara a spreagann teacht aniar agus a mhaolaíonn athrú aeráide
<b>KCDP 6-5</b>	Ardleibhéil chaomhnú, éifeacht agus úsáid foinsí funnimh inathnuaite a spreagadh sna foirgnimh atá cheana féin ann, san áireamh beidh aischoiriú bearta inniúla sa stoc tithíochta agus éifeacht fuinnimh i bhfoirgintí traidisiúnta
<b>KCDP 6-6</b>	Iachall a chur ar fhoirgintí nua chun an caighdeán Nach Mór Zero Fuinnimh Tógála (NZEB) de réir an Treoir Feidhmiú Fuinnimh i bhFoirgnimh (EPBD).

#### 6.1.3 An Coiste Áitiúil Forbairt Pobail (LCDC)

Forálann an tAcht Rialtais Áitiúil 2014 go mbunaítear gach Coiste Áitiúil Forbairt Pobail (LCDC) mar choiste Údarás Áitiúla. Bunaíodh LCDC Chiarraí mí Iúil 2014. Ar an LCDC bíonn ionadaithe atá mar bhaill den Údarás Áitiúil, áisinteachtaí eile stáit, an earnáil phobail agus deonach maraon le páirtithe sóisialta. Tá sé i gceist an t-ionadaíocht idir na hearnála a bheith meáite i bhfábhar an earnáil neamhrechtúil (earnáil phríobháideach).

Lárnach chun soláthar an chlár a chinntiú is ea caidreamh comhoibrithe idir an LCDC agus na LDC (Comhlachtaí Forbartha Áitiúla). Leanann na LDC de bheith chun tosaigh ag cur forbairt pobail chun cinn trí chúram a dhéanamh den imeascadh sóisialta, neamhionannas agus forbairt áitiúil. Tá trí cinn de chomhlachtaí forbartha áitiúla i gCiarraí a sholáthraíonn réimse leathan clár, ina measc siúd tá LEADER, An Clár Áitiúil Forbairt Pobail, An Scéim Sóisialta Tuaithe, Tús, Fóillíocht Tuaithe, Fostaíocht Pobail, Seirbhísí Áitiúla Fostaíochta agus tionscadail áitiúla traenála.

#### An Coiste Áitiúil Forbairt Pobail (LCDC)

##### Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

<b>KCDP 6-7</b>	Tacú le saothar an Choiste Áitiúil Forbairt Pobal Chiarraí
-----------------	--

#### 6.1.4 An Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (LECP) 2016-2022

Bíonn an Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (LECP) 2016-2022 in éineacht leis an bPlean Forbartha chontae is iad ag soláthar ról láidir soiléir don rialtas áitiúil sa bhforbairt eacnamaíoch agus pobail. Tá an creat seo mar fhís a leagadh amach i Daoine Chun Tosaigh: Clár Gníomhaíochta don Rialtas Áitiúil Éifeachtach (DoECLG). Bíonn tionchar ag an LECP ar ról Chomhairle Contae Chiarraí i bpáirt le páirtithe leasmhara eile ag tacú le forbairt pobail agus áitiúla.



Léiríonn na trí ráiteas sochaí-eacnamaíoch san LECP aidhmeanna cinnte maidir le Chiarraí a fheabhsú idir gheilleagar, cáilíocht beatha agus neamhionannas is toirmeasc a laghdú sa chontae (Tábla 6.1). As na ráitis sochaí-eacnamaíoch is ea a tháinig roinnt spriocanna ardleibhéil a bhain le: Forbairt Eacnamaíoch agus Poist a Chruthú, Cáilíocht Beatha agus Imeascadh Pobail agus Sóisialta.

<b>1</b> <b>Forbairt Eacnamaíoch agus Cruthú Post</b>	Geilleagar láidir éagsuil a chur chun cinn, trí thacaíocht ó shampla deafhorbartha oideachais agus oiliúna, ionas go mbeidh daonra inmharthana agus pobail bhríomhara ar fud an chontae.
<b>2</b> <b>Cáilíocht Beatha</b>	Ardcháilíocht beatha a chur chun cinn, bunaithe ar thimpeallacht ghlan nádúrtha, seirbhísí áitiúla ar ardchaighdeán, meon láidir na háite is cultúir maraon le páirtíocht chiallmhar i gcinntí a dhéanamh.
<b>3</b> <b>Pobal agus Imeascadh Sóisialta</b>	Imeascadh sóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn maraon le laghdú ar neamhionannas sóisialta, go háirithe dírithe ar láithreacha is pobail i gCiarraí mar a mbíonn míbhuntáiste sóisialta, grúpaí ar an imeall agus iad siúd a mbíonn i mbaol toirmisc.

**Tábla 6.1: Ráitis Sóisialta-Eacnamaíoch LECP**

### Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (LECP)

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

**KCDP 6-8** Tacú leis na gníomhartha atá laistigh den Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (LECP) 2016-2022, agus iad a éascú maraon le haon phlean a leanfaidh ina dhiaidh sin.

#### 6.1.5 Gréasán Páirtíocht Phoiblí Chiarraí (PPN)

Aithníonn an Chomhairle Contae an tionchar riachtanach a bhíonn ag grúpaí deonacha, pobail agus spóirt ar an gcáilíocht bheatha a bhíonn ag áitritheoirí an chontae.

Go príomha, ar na naisc a bhíonn ag Gréasán Páirtíocht Phoiblí Chiarraí (PPN) le grúpaí pobail agus deonacha ar fud an chontae, tá tábhacht ag baint leis an bpobal maraon le hearnála deonacha agus comhshaoil. Cruthaítear naisc idir rialtas áitiúil agus forbairt pobail a bhíonn mar chroílár an chomhshaoil. Cabhróidh an PPN le saothar na Comhairle maidir le riachtanais agus pléfidh an Chomhairle leis an nGréasán nuair a chuirfear cuspóirí an Phlean seo i gcrích.

### AN PPN

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

**KCDP 6-9** Soláthar bonneagar sóisialta agus seirbhísí ardchaighdeán a cur ar fáil trí chomhoibriú ar láithreacha cuí, leis an nGréasán Páirtíocht Phoiblí Chiarraí (PPN).

#### 6.2 Beatha Inmharthana

Leis na blianta deireannacha tá ag éirí go maith sa tsaol le muintir Chiarraí maidir le hoideachas, an domhan mór lasmuigh, teicneolaíocht agus cúrsaí eile torthúla, rathúla agus éagsúla. Lig an méid sin dúinn a bheith níos saibhre, níos mó a bhaint amach agus teacht aniar a bheith ionainn mar chontae.



Má leantar den ghaisce eacnamaíoch cuirfear leis an bhfeabhsúchán ar chaighdeán beatha agus cáilíochtaí saoil dár muintir ar fad. Freisin cuirtear le deiseanna chun plé le spriocanna sóisialta agus comhshaoil mar phlé le míbhuntáiste agus freagairt don athrú aeráide.

Toisc an sochaí a bheith ag athrú, tagann athrú freisin ar riachtanais agus roghanna na ndaoine, go háirithe agus daoine ag dul in aois. Tá muintir Chiarraí anois ag dul in aois. Léireoidh an fhorbraíocht mar chinntitheach do cháilíocht beatha na ndaoine. Cuireann láthair agus ceantar go mór le cáilíocht na beatha.

Sin é an fáth go bhfuil an láthair ríthábhachtach do chaighdeán ard beatha – ár dtimpeallacht, cumas teacht ar sheirbhísí agus conláistí, oideachas agus sláinte, siopaí agus páirceanna, caitheamh aimsire agus an plé sóisialach a bhíonn ar fáil againn, an deis atá romhainn post maith a fháil, cuireann na rudaí sin go léir le chéile chun beatha na ndaoine a fheabhsú.

Agus roghanna á ndéanamh againn níor mhór smaoineamh ar an leibhéal soláthar seirbhísí. Dá bhrí sin tá polasaí ag an gComhairle lena chinntiú go bhfuil soláthar ardleibhéil seirbhísí ar fáil agus teacht orthu éasca go leor. Dá réir sin, cuirtear breis seirbhísí ar fáil mar is cuí ar scála baile beag nó lonnaíocht sráidbhaile.

Aithníonn Comhairle Contae Chiarraí go bhfuil gá le slite nua chun daoine a spreagadh chun gníomhaíocht, go háirithe grúpaí pobail agus deonach, lena chinntiú go spreagtar na luachanna éagsúla a bhaineann le bailte móra (cultúrtha, oidhreacht, nuála, ionaid seirbhísí, goradain fiontair). Tá géarghá le straitéisí forbartha eacnamaíochta chun cur chuige comhordaithe a bhunú i dtreo forbairt inmharthana na lonnaíochtaí.

### 6.2.1 Pobail Bheatha-Oibre

Tá luach agus mianach sna bailte agus sráidbhaite ag athrú de dheasca patrúin nua oibre agus nósanna beatha. Sa chomhthéacs seo, beidh plé agus tacaíocht i measc an phobail ríthábhachtach. Mar chuid den phlean molann an Chomhairle pobail 'bheatha-oibre' a chruthú sna bailte agus sráidbhailte. Seo cur chuige comhtháite d'fhás na lonnaíochtaí, san áireamh beidh moil digiteach is iad i ngiorracht do cheantair chónaithe agus seirbhísí mar scoileanna agus siopaí.

Tá roinnt buntáistí ag baint leis an bplean seo a chur i bhfeidhm, orthusan tá:

- Turas gearr chuig an láthair oibre ionas go mbíonn breis ama ag daoine chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí, cuirtear feabhas dá réir ar an leibhéal caidreamh sóisialta agus atmaisféar pobail sna lonnaíochtaí.
- Feabhas ar shláinte agus cáilíocht beatha. Daoine atá ag obair gar dá mbaile féin, beidh fonn níos mó orthu siúl/rothaíocht go dtí an láthair oibre agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí eile fisiciúla.
- Má laghdaítear an líon carranna a dheineann turas fada beidh laghdú ar an mbrú, sin leas don timpeallacht agus do lorg coise carbóin an Chontae.

Má bhíonn meascán saghsanna tithíochta sna pobail seo beidh seans níos fearr ag daoine tigh a cheannach atá an-oiriúnach dóibh, féadfar fanacht go brách sa tigh céanna más maith leo.

#### Pobail Bheatha-Oibre

##### Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

**KCDP 6-10** Pobail bheatha-oibre a chur chun cinn ionas go mbeidh lonnaíochtaí an Chontae mar ionaid tábhachtacha seirbhísí do phobail inmharthana is go gcinntítear comhshaoil ardchaighdeán, soláthar iompair phoiblí agus feabhas mór ar an saol do na saoránaigh ar fad.





### 6.2.2 Pobail Sláintiúla

Bíonn géarghá le háiseanna spóirt, caithimh aimsire agus áiseanna fóillíochta chun sláinte mhaith, comhtháthú, caighdeán beatha agus folláine a chur chun cinn. Ar bhonn náisiúnta, le blianta beaga anuas, bítear ag díriú go mór aclaíocht, spórt agus fóillíocht i gcoitinne. Dá bhrí sin is ceist an-mhór ó thaobh pleanála de an solathar áiseanna do na gníomhaíochtaí úd. Is léir mar sin gur fíor é go mbeidh áit lárnach ag na háiseanna céanna i bPleananna Forbartha.

Tionscadal Rialtais is ea “Éire Shláintiúil” atá ag iarraidh sláinte agus leas muintir na hÉireann a fheabhsú. I Sláinte 2020 leagtar amach tosaíochtaí Eagraíocht Sláinte an Domhain. Iarrann NPO 26 ón NPF tacú le cuspóirí polasaí sláinte poiblí mar Éire Shláintiúil agus Plean Náisiúnta um Gníomhaíocht Fhísiciúil, beirtear isteach sa pholasaí pleanála na polasaithe úd nuair is cuí.

Creat náisiúnta do ghníomhaíochtaí sláinte agus leas mhuintir na hÉireann is ea Éire Shláintiúil, Plean Gníomhaíochta Straitéiseach um Shláinte agus Leas 2013-2025, foilsithe ag An Roinn Sláinte. Trína Plean Náisiúnta Gníomhaíocht Fhísiciúil agus tionscadal Láithreacha Oibre Sláintiúla aithnítear is cuirtear chun cinn an ról a bhíonn ag taisteal gníomhach. De réir an Phlean Náisiúnta Gníomhaíocht Fhísiciúil ‘tá an ghníomhaíocht fhísiciúil ar cheann de na bearta is tábhachtaí don duine chun sláinte agus leas a fheabhsú’.

Díríonn an Clár Chiarraí Sláintiúil ar chur le rannpháirtíocht sa spórt agus gníomhaíocht fhísiciúil maraon le deiseanna ar spórt agus gníomhaíocht fhísiciúil a mhéadú ó thaobh seans a bheith ag gach éinne leas a bhaint as na hacmhainní úd.

Tá Creat Chiarraí Sláintiúil 2021 á ullmhú faoi láthair. *Is í an fhís atá ag an straitéis seo ná Contae Sláintiúil mar ar féidir le cách leas a bhaint as ardchaighdeán sláinte idir fhisiceach agus meabhrach, a m(h)ianach féin a bhaint amach go hiomlán, meas a bheith ar an bhfolláine agus tacú léi ag gach leibhéal den sochaí mar táimid go léir freagrach aisti. Sa Phlean seo tá dhá chuspóir go príomha:*

- *Cúinsí cuí a chruthú do shaoránaigh chun go mbeifear in ann roghanna sláintiúla a dhéanamh ar son a sláinte*
- *Eolas, tacaíocht agus spreagadh a bheith ar fáil do dhaoine chun go ndéana siad roghanna nósanna beatha a chuirfidh feabhas ar a sláinte*

Tá nasc fíor láidir idir shláinte agus timpeallacht. Bíonn rioscaí a dtéann pleanáil spásúil i bhfeidhm go mór orthu mar ghalarr croí, tinneas anála, tinneas meabhrach, raimhre agus gortú. Caithfear plé leis an gcóras ar fad chun déileáil le mhórán cúiseanna a chuireann isteach ar shláinte agus leas, dá réir sin níor mhór plé leis an bpobal chun a bheith in ann aire a thabhairt dóibh féin maidir le roghanna ar mhórán slite. Má dhéantar a leithéid d’fheabhsú beifear in ann cúrsaí a fheabhsú agus beidh torthaí sláinte níos fearr ann don chead ghlúin eile.

Leis an athrú mór atá anois ar an sochaí tá an iomarca daoine ag brath ar charr agus ní bhíonn dóthain gníomhaíochtaí á gcleachtadh ag an-chuid daoine. Cuireann dearadh fisiceach isteach ar iompar an duine – foirgintí, pobail, sráidbhailte, bailte agus réigiúin. Is fíor go gcuireann ár láithreacha beatha, oibre agus caithimh aimsire isteach ar ár leas idir chorp is anam.



**Figiúr 6.3: Deich gcomhartha ar Shráid Sláintiúil**

Má dheartar láithreacha pobail mar is cóir chun tacú le gníomhaíocht fhisiciúil m.sh. cosáin leithne, lánaí rothar sábháilte, staighrí deasa sábháilte agus spás inrochtana fóillíochta beidh roghanna níos fearr á ndéanamh maidir le sláinte. I dtír mar a mbíonn an-chuid bonneagar fisiciúil bíonn leibhéal arda rothaíochta agus íslíú ar dhrochshláinte mar raimhre. Tá sé mar chuspóir sa phlean láithreacha agus pobail a chruthú gar d’áiseanna agus seirbhísí atá cheana féin ann ar shuímh inathnuachana agus inlíonta chun líon na gcarr a laghdú agus tús áite a thabhairt don siúlóid agus rothaíocht mar ghnáthchórais iompair.

Creat daonna is ea an Cur Chuige Sráideanna Sláintiúla chun sláinte an phobail a dhaingniú go láidir san iompar, san ríocht phoiblí agus i gcúrsaí pleanála.

Díríonn Sráideanna Sláintiúla ar cháilíocht aeir a fheabhsú, brú tráchta agus brath ar ghluaisteáin a laghdú, taisteal gníomhach a dhéanamh níos taitneamaí agus dreach sráide compordach agus oiriúnach do ghníomhaíocht i measc an phobail a chruthú.

Laistigh den phlean Rialtais “Teacht Aniar agus Téarnamh 2020-2021: An Plean maidir le Maireachtáil le COVID-19 tá tiomantas mar a leanas:

- Feachtas áitiúil chun feachtas a scaipeadh agus páirtíocht a spreagadh maidir le cláir, tionscadail agus conláistí
- Clár cumhachta do shaoránaigh trí thacaíocht ó *Sláintecare* trín gciste Éire Shláintiúil, tiocfaidh sé seo ó CCC le páirtithe áitiúla. Beidh gníomhaíochtaí bainteach le beatha sláintiúil, gníomhaíochtaí



fisiceach, bia pobail, cruthaitheacht, galair ainsealaigh agus dul in aois go dearfach. Cuimseofar imeachtaí dóibh siúd atá ag maireachtaint faoi chúram fadtéarmach cónaithe.

Tá polasaí ag Comhairle Contae Chiarraí tacú le pobail sláintiúla a spreagann siúlóid is rothaíocht agus gníomhaíochtaí fisiceach trín gcleachtas is fearr i ndearadh uirbeach a chuireann inseoltacht agus spásanna comhcheangailte ar fáil.

### Pobail Sláintiúla

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

<b>KCDP 6-11</b>	Tacú le polasaí sláinte poiblí agus san áireamh beidh Éire Shláintiúil/Ciarraí agus an Plean Náisiúnta um Gníomhaíocht Fhisiceach
<b>KCDP 6-12</b>	Na moltaí atá sa Chreat Chiarraí Sláintiúil a chur i bhfeidhm i gcomhar leis na háisínreachtaí cuí
<b>KCDP 6-13</b>	Tacú le réimse bonneagar pobail a sholáthar laistigh de chloigíní lonnaithe i gceantair mar a mbeadh sé fuiriste teacht orthu
<b>KCDP 6-14</b>	Tacú le Plean an Rialtais Teachta Aniar & Téarnamh 2020-2021: An Plean maidir le Maireachtáil le COVID-19.

### 6.2.3 Tithíocht do Phobail Inmharthana

Aidhm lárnach sa phlean is ea pobail bhríomhara inmharthana a fhorbairt is tacaíocht a thabhairt dóibh ionas gur féidir leo maireachtaint, dul ag obair agus cur le cáilíocht an bheatha atá acu. Tá géarghá le tithíocht inmharthana chun é sin a bhaint amach. Tá sé mar pholasaí ag an gComhairle forbairtí cónaithe ardchaighdeána a éascú, de réir ord reatha an Chontae, i dtimpellachtaí oiriúnacha cónaithe.

Tá ról dúbailte ag an gComhairle mar an tÚdarás Pleanála agus Tithíochta. Trína cumhachtaí reachtúla mar Údarás Pleanála, rialaíonn agus díríonn an Chomhairle tithíocht phríobháideach trí na cleachtais um bhainistíocht fhorbartha mar a leagtar amach iad sna hAchtanna um Phleanáil agus Forbairt. San ról mar an tÚdarás Pleanála, solathraíonn an Chomhairle áitribh dóibh siúd nach bhfuil in ann a leithéid de chóiríocht a fháil trína n-acmhainní féin. Cabhraíonn an Chomhairle freisin le háisínreachtaí eile a chuireann le riachtanais tithíochta an Chontae. (Féach Caibidil 7 Tithíocht do Chách)

Sa mhír seo leagtar amach na polasaithe agus cuspóirí don soláthar tithíochta sa Chontae agus do phobail inmharthana a chruthú. Tá breis eolais maidir leis sin go léir i gCaibidil 7. Tá bonn polasaithe agus reachtaíochta faoin Straitéis Tithíochta in Imleabhar 6 agus tagann sé sin leis an scála ama atá ann don bPlean Forbartha. Leanann sé an straitéis lárnach agus an straitéis lonnaithe a leagtar amach sa Phlean Forbartha. Oibríonn an Chomhairle i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil maraon le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta chun tithíocht shóisialta a sheachadadh is a bhainistiú. Anuas ar Chuid V, deintear tithíocht shóisialta a sholáthar trí Fhála, Tógáil Díreach, Bainistiú Folús, Ligean ar Léas, Léas Feabhsaithe, Deisiú don Léas, Cíos Príobháideach (RAS agus HAP) agus an Scéim Ceannaigh agus Athnuachan.

Tá sé mar aidhm lárnach ag an bPolasaí Tithíochta ligean do gach aon áitritheoir/saoránach bheith in ann áitreabh inacmhainne dea-dheartha a fháil, oiriúnach don ghá atá acu, i dtimpeallacht ardchaighdeána agus chomh fada agus is féidir, trín sealbhaíocht is fearr leo. Baineann sé seo freisin leo siúd ag a mbíonn riachtanais áirithe, m.sh. daoine críonna atá faoi mhíchumas fisiceach nó meabhrach. Aithníonn an Straitéis Tithíochta go



bhfuil gá le freagairt do riachtanais tithíochta dóibh siúd atá gan dídean agus cóiríocht oiriúnach a sholáthar don Lucht Siúil.

Tá sé mar pholasáí ag Comhairle Contae Chiarraí:

- Pobail imharthana don úsáid mheasctha a spreagadh is a chur chun cinn, ba chóir éagsúlacht saghsanna tithe agus sealbhaíochta a bheith ar fáil chomh maith le háiseanna tacaíochta pobail, an ríocht phoiblí agus conláistí cónaithe.
- Ardchaighdeán deartha a lorg ins na scéimeanna nua cónaithe ar fad, iad a bheith ar scála agus déanamh a bheidh oiriúnach don tírdhreach/láthair uirbeach.
- Tithíocht nua a bhreith isteach i gcreatlach sóisialta agus uirbeach lonnaíochtaí an Chontae. .
- An gá a bhíonn ag lucht míchumais le timpeallacht shásúil cónaithe sa Chontae a aithint, níor mhór tacú le pobail áitiúla, údaráis sláinte agus áisínteachtaí eile a bhíonn ag baint le háiseanna a sholáthar dóibh siúd atá faoi mhíchumas.
- Tacú leis an gcoincheap mar bheatha neamhspleách do dhaoine críonna agus dóibh siúd atá faoi mhíchumas, a chinntiú nuair is féidir go mbeirtear isteach a leithéid de ghrúpaí san tithíocht phríomhshrutha sna pobail ina lonnaítear iad.
- Cóiríocht chuí de réir Gá Tithíochta a bhíonn sa Mheasúnú Gá Tithíochta a sholáthar de réir an ghá a bhíonn sa Mheasúnú ar Iarratas Gá Tithíochta, Straitéis Tithíochta de réir na bprionsabail a aithnítear i Tithíocht do Chách. (Féach Caibidil 7)
- Tacú le moltaí um ionaid lae/acmhainní do lucht míchumais laistigh de, nó gar do bhailte, sráidbhailte agus ionaid chomharsanachta faoi réir na gnáthriachtanais normálta pleanála.
- A chinntiú go ndéantar tithíocht nua a dhearadh ar bhonn solúbtha in oiriúint don ghá le hathrú a bheadh ag an úinéir, caithfear ceann a thógaint de ‘Tithíocht Ardchaighdeán do Phobail Inmharthana – Treoracha Deachleachtais don Soláthar Tithíochta 2007 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.
- Tacú le cur chuige de réir oird maidir le forbairt chónaithe nuair a bhíonn an chéad rogha don tithíocht nua laistigh de cheantar faoi fhoirgnimh i mbailte agus sráidbhailte, níor mhór an leas is fearr agus is féidir a bhaint as tailte athfhorbraíochta agus inlíonta laistigh de na hionaid chéanna.
- Bailiú uisce báistí agus [réitigh um bhainistíocht uisce ar dhroim talún](#) éifeacht fuinnimh a chleachtadh le linn tógála agus go ceann tréimhse na forbraíochta cónaithe trí dhearadh agus leagan amach tuisceanach. Ba chóir dinnseanchas, treoshuíomh agus na gnéithe atá thart timpeall a chur san áireamh.
- Bithéagsúlacht, úsáid SuDs agus réitigh eile um fhorbairtí cónaithe a dhearadh, a thógaint is a chothabháil.

Cuirfidh an Chomhairle soláthar tithíochta poiblí chun cinn (sóisialta agus inacmhainne san áireamh) trí thús áite a thabhairt do shuímh mar a bhfuil mianach tithíochta poiblí (sóisialta agus inacmhainne san áireamh).



### Tithíocht do Phobail Inmharthana

#### Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

- KCDP 6-15** Tacú le gá tithíochta do dhaoine ina bpobail féin trí chabhrú go gníomhach le soláthar tithíochta i lonnaíochtaí mar a aithníodh sa Straitéis Lonnaíochta
- KCDP 6-16** Ceann a thógaint den dlús méadaithe sna bailte móra agus láithreacha eile oiriúnacha de réir na dTeoracha ‘Forbairt Inmharthana Cónaithe i gCeantair Uirbeacha’ 2009 (DoEHLG)
- KCDP 6-17** Imeascadh tithíocht shóisialta a spreagadh maraon le meascán saghsanna tithíochta laistigh d’fhorbairtí chun sochaí cothrom imeasctha a chur chun cinn.
- KCDP 6-18** Tacú le Plean an Rialtais Teachta Aniar & Téarnamh 2020-2021: An Plean maidir le Maireachtáil le COVID-19.
- KCDP 6-19** Tacú le tithíocht speisialta a fhorbairt, san áireamh beidh beatha neamhspleách do dhaoine críonna agus dóibh siúd atá faoi mhíchumas, a chinntiú chomh fada agus is féidir go mbeidh a leithéid de ghrúpaí imeasctha i dteannta tithíochta príomhshrutha .

#### 6.2.4 Dearadh Uilíoch

Ar na Tosaíochtaí Straitéiseacha atá sa Phlean Straitéiseach ag an Údarás Náisiúnta Míchumais 2019-2021 táthar ag cur le feachtas agus ag plé leis an gcoincheap Dearadh Uilíoch, neamhspleáchas a mhéadú agus páirtíocht do chách. Cuirfidh an Chomhairle Dearadh Uilíoch agus Tithíocht Feadh an tSaoil chun tosaigh. Ligeann an saghas seo tithíochta d’aonaid a athrú de réir gá a bheadh ag an áitritheoir/úinéir. Céim dhearfach is ea í seo chun déileáil le míchumas, daoine críonna agus éagsúlacht an aonaid teaghlaigh, sa bhfadtearma méadaítear ar luach is inmharthanacht na bhfoirgintí. Trín soláthar tithíochta do lucht scothaost a ligtear don rogha mar laghdú, rud a ligeann do thithe mhóra a bheith saor chun freastal ar riachtanais teaghlaigh níos óige.

Tacóidh an Chomhairle le cóiríocht chuí do lucht míchumais agus daoine críonna. Nuair is féidir ba chóir na háiseanna úd a bhreith isteach i gceantair sheanbhunaithe bailte agus sráidbhailte, in áiteanna mar a mbíonn teacht go héasca ar sheirbhísí áitiúla trí shiúlóid.

### Dearadh Uilíoch

#### Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

- KCDP 6-20** A chinntiú go mbíonn roghanna sábháilte saoráideach seachas gluaisteán agus pobail á ndearadh, tús áite a thabhairt don siúlóid is rothaíocht i measc forbairtí atá anois ann is iad siúd atá molta trí ghníomhaíochtaí fisiciúla a bheith ar fáil do gach aon aoisghrúpa.
- KCDP 6-21** Deachleachtas a aithint is a chur chun cinn maidir le dearadh uilíoch sa timpeallacht idir thógtha agus seachtrach de réir “Ag Tógaint do Chách – Cur chuige um Dhearadh Uilíoch” agus chun cur leis an bhféidearthacht go bhfana daoine ina mbailte féin go ceann i bhfad agus go mbeifear in ann gníomhú níos fearr agus míchumas éigin orthu is iad ag dul in aois.
- KCDP 6-22** Tús áite a thabhairt don teicneolaíocht a ligeann do theacht ar áiseanna agus seirbhísí níos fearr do gach aon saoránach beag beann ar aois agus cumas sa teicneolaíocht.



### 6.2.5 Daoine faoi Mhíchumas

Sa bhliain 2016 bhí thart ar 20,000 duine faoi mhíchumas i gCiarraí, b'ín thart ar 14% den daonra. Beidh riar maith den daonra faoi mhíchumas éigin uair amháin sa tsaol, go háirithe is pobal an Chontae ag dul in aois.

	2006	2011	2016
Daonra iomlán	139,835	145,502	147,707
Líon iomlán daoine faoi mhíchumas	13,186	19,168	19,965
Líon daoine faoi mhíchumas mar % den daonra iomlán	9.4%	13.2%	13.5%
Fíor athrú ar an líon daoine faoi mhíchumas	1,689	5,982	797
Athrú ar chéatadán daoine faoi mhíchumas ó tharla an daonáireamh deireannach	14.7%	45.4%	4.2%

**Tábla 6.2: Líon daoine cláraithe faoi Mhíchumas (CSO)**

An-chuid ceisteanna pleanála a bhaineann le lucht míchumais, bíonn siad cosúil leis na ceisteanna a bhíonn ag lucht scothaosta. San áireamh tá an gá a bhíonn le beatha neamhspleách, rochtain agus gluaiseacht maidir le foirgintí is an timpeallacht go ginearálta ó thaobh páirt a ghlacadh sa tsochaí. Ós rud é go mbíonn mórán daoine faoi mhíchumas ag obair, bíonn tábhacht le rochtain agus a bheith i ngiorracht don láthair oibre.

Cuirfidh an Chomhairle feasacht ar mhíchumas chun cinn trí dhearadh uilíoch don rochtain iompair phoiblí agus tithíocht chomh maith le háiseanna sóisialta, cultúrtha agus fóillíochta. Caithfear an caighdeán beatha sa ríocht phoiblí a fheabhsú go cothrom idir lucht míchumais agus daoine eile. Cinnteoidh an Chomhairle go mbíonn bonn faoi dhéanamh cinní maidir le bonneagar agus áiseanna trí phlé le hionadaithe eagraíochtaí thacaíonn le míchumas, ar an gcuma san beidh eolas acu ar na peirspictíochtaí oiriúnacha (m.sh. iad siúd ag a mbíonn cathaoir rotha) agus ar leibhéal cuí don mheasúnú comhshaoil.

#### Daoine faoi Mhíchumas

##### Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

**KCDP 6-23** A chinntiú go mbíonn teacht ag lucht míchumais ar fhoirgintí, spás poiblí is oscailte agus limistéir fhóillíochta is caitheamh aimsire, de réir na Rialacha Tógála, cuspoirí 'Tógáil do Chách' (An tÚdarás Náisiúnta Míchumais) agus 'Rochtain do Lucht Míchumais' (Uimh. 1 go 3) (An Bord Náisiúnta Athshlánúcháin).

### 6.2.6 Pobail Tacaoise

Tá pobal Chiarraí ag dul in aois agus tá gach seans go méadóidh an daonra atá os cionn 80 faoin a ceathair faoin mbliain 2040. Tagann riachtanais chasta chun cinn ag an aois sin agus gá le seirbhísí is áiseanna chun tacú leis an gcúram a bhíonn oiriúnach agus riachtanach.

Soláthraíonn an Tionscadal 'Tacaois Éireann' ceannaireacht agus treoir chun riachtanais agus deiseanna an phobail chríonna a aithint, anuas air sin tá sé lonnaithe laistigh den chóras rialtais áitiúil atá go maith in ann freagairt don athrú ar bhonn áitiúil.

Tá an Chomhairle tiomanta don tionscadal seo agus don Straitéis reatha Tacaoise Chontae Chiarraí 2018-2022 a leagann amach gníomhaíochtaí lárnacha faoi na ceanteidil mar spás oscailte & foirgintí, iompar & rochtain, baile & áit chónaithe, tacaíocht phobail & sláinte, meas & imeascadh sóisialta, rannpháirtíocht shóisialta, cumarsáid & eolas, rannpháirtíocht shibhialta & fostú, cúrsaí iompair, seirbhísí & eolas.



Tacóidh an Chomhairle leis na polasaithe Aois Chliste, Náisiúnta Aois Dearfach agus Straitéis An Gharda Síochána don Tacaíocht (2010), cinntítear go bhfreagraíonn pleanáil, tithíocht, iompar/inrochtaineacht agus polasaí fóillíochta áitiúla do riachtanais daoine críonna.

Bíonn riachtanais speisialta tithíochta acu siúd a bhíonn ag dul in aois. Anuas ar an gcoincheap Dearadh Uilíoch bíonn tábhacht le láthair an tí go háirithe maidir le rochtain, cúram leighis, slándáil agus sábháilteacht phearsanta. Anuas air sin go léir bíonn tábhacht le láthair an tí go háirithe d'éinne a mhaireann ina aonar agus a bhraitheann ar iompar poiblí agus seirbhísí áitiúla. Ba chóir áitribh agus áiseanna eile cónaithe a bheith gar do shiopaí áisiúla, áiseanna pobail agus nóid iompair phoiblí. Ar an gcuma san beidh deiseanna ag daoine chríonna a bheith gníomhach is sláintiúil. Tá sé mar pholasaí ag CCC tacú le dignit agus neamhspleáchas do lucht scothaosta chomh fada agus is féidir. Níor mhór tacú le daoine críonna ó thaobh dignit agus neamhspleáchas ina mbailte féin de. D'fhéadfaí smaoineamh freisin ar áitribh aon stór ina mbailte agus pobail féin chomh fada agus is féidir, bheadh seans ag lucht tacaíochta tigh níos lú a fháil dá mba mhaith leo agus scaoilfí saor tithíochta móra do dhaoine a mbeadh teaghlaigh mhóra á dtógaint acu. Tacaítear freisin le hathrú a chur ar thithe atá cheana féin ann chun freastal ar riachtanais daoine níos sine.

Cuireann sé sin go léir leis an ngá atá le forbairt ar ardchaighdeán deartha idir inlíonta agus athfhorbraíochta gar do sheirbhísí agus áiseanna ag a mbíonn tacaíocht ón ndearadh uilíoch agus áineasa uirbeacha mar spás agus páirceanna poiblí is slite siúlóide díreach inrochtana. (I gCaibidil 7 mínítear an polasaí tithíochta dóibh siúd atá ag dul in aois.)

### Pobail Tacaíochta

#### Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

**KCDP 6-24** Tacú le Straitéis Tacaíochta Chiarraí 2018- 2022 (agus aon straitéis a leanann í) i gcomhar le haon áisínteachtaí agus údaráis chúil lena mbaineann.

### 6.2.7 I dtreo Chiarraí Éagsúil & Imeasctha

Agus sinn ag gluaiseacht i dtreo sochaí níos éagsúla le deich mbliana anuas, tá éagsúlacht thar a bhí riamh i measc na ndaoine trí mhórán ciníochas agus náisiúntachtaí. Anuas air sin, san Straitéis Náisiúnta Imeasctha LGBTI+ leagtar amach Gníomhaíochtaí Rialtais chun go mbeidh an meas céanna ar dhaoine LGBTI+ is atá ar gach éinne eile. Tacaíonn An Plean Forbartha Contae leis an misean atá sa straitéis chun cuimsiú sóisialta, cearta an duine agus cáilíocht beatha a fheabhsú don phobal LGBTI+ ionas go mbeidh siadsan páirteach i saol na hÉireann idir chúrsaí sóisialta, eacnamaíoch, cultúrtha agus polaitiúil.

Is fíor, áfach, nach cleachtas teoranta é rochtain deiseanna do chách, go háirithe nuair a bhíonn réitigh shoiléir dea-dhéanta ag teastáil chun plé le riachtanais gach éinne, go speisialta iad siúd a mbíonn leochaileach nó ar an imeall.

Éascóidh an Plean seo sochaí mar a mbeidh imeascadh sóisialta trí chuimsiú agus rochtain níos fearr i ngach céim de shaol an duine. Feabhsófar an t-imeascadh sóisialta sna ceithre réimse mar atá tithíocht, oideachas, sláinte agus iompar, mar shampla trí dhearadh uilíoch foirgintí chun rochtain a sholáthar do chách, nó suiteáil áiseanna pobail chun a chinntiú go mbíonn daoine gníomhach i rith an lae agus isteach sa tráthnóna.

Tacaíonn an Chomhairle le dul chun cinn i dtreo sochaí imeasctha a thacaíonn le cearta bunúsacha daonna an duine i dtreo cáilíocht fheabhsaithe beatha. Sa Phlean seo tá bearta dírithe ar plé le bochtanas, míbhuntáiste agus scaradh sóisialta chun ionchur dearfach a bheith ann do phobail an chontae. Bíonn ról ag bonneagar sóisialta maidir le pobail laidre is imeasctha a fhorbairt.



Oibríodh an Chomhairle chun feidhmiú an Chlár Imeascadh Sóisialta agus Gníomhaíochtaí Pobail (SICAP) a théann i ngleic le bochtanas, scaradh sóisialta agus dífhostaíocht fadtéarmach trí phlé agus páirtíocht idir dhaoine faoi mhíbhuntáiste, eagraíochtaí pobail agus áisínteachtaí san earnáil phoiblí.

### I dtreo Chiarraí Éagsúil & Imeasctha

#### Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

- KCDP 6-25** Go mbeidh sochaí éagsúil agus cuimsiú sóisialta ag teastáil chun díriú ar chomhionannas deiseanna agus cáilíocht beatha níos fearr do chách, trí fheabhas ar imeascadh agus teacht ag cách ar sholáthar seirbhísí gaolmhara.
- KCDP 6-26** Tacú leis an gClár Imeascadh Sóisialta agus Gníomhaíochtaí Pobail (SICAP) a fheidhmiú.
- KCDP 6-27** Rochtain a fheabhsú don chúram ardchaighdeán leanaí, oideachas agus seirbhísí sláinte trí thionscadail agus tionscnaimh faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, ailíniú le hÉire Shláintiúil agus tacú le seirbhísí seachtracha is pobail do dhaonra atá ag leathnú is ag dul in aois
- KCDP 6-28** Gníomhaíochtaí an Straitéis Náisiúnta LGBTI+ Imeasctha a chur chun cinn i dtreo cuimsiú sóisialta, cearta agus feabhas ar cháilíocht na beatha a fheidhmiú do phobal LGBTI+ Chiarraí chun go mbeidh siadsan páirteach i saol an chontae idir shóisialta, eacnamaíoch, cultúrtha agus polaitiúil.

#### 6.2.7.1 Grúpaí Mionlaigh Eitneach

I gCiarraí freisin tá grúpaí láidre mionlaigh eitneach agus náisiúntachtaí a léiríonn cultúir éagsúla. Meastar go bhfuil c12.5% den daonra sa chatagóir seo. Tacaíonn Comhairle Contae Chiarraí, trín Aonad Pobail agus Oifigí Ceantar Bardais, le feacht ar éagsúlacht cultúr agus idirchultúrtha trí thaispeántais a léiríonn an tuiscint agus agallamh ar na cúrsaí úd. Toisc Lá 'le Pádraig a bheith á cheiliúradh ar fud an domhain mhóir tacaíonn an Chomhairle le laethanta ceiliúrtha chun ómós a thaispeáint do na cultúir éagsúla a mhaireann anso i gCiarraí.

Tá ról tábhachtach ag an bPlean Forbartha maidir le himeascadh sóisialta a chur chun cinn sa Chontae, cuimsítear réimse straitéisí chun teacht ar thithíocht, áiseanna pobail, conláistí, páirtíocht sa tsaol cultúrtha 7rl. Tá sé mar pholasaí ag an gComhairle oibriú leis na páirtithe leasmhara ar fad chun plé le míbhuntáiste agus toirmeasc sóisialta, an caighdeán beatha a fheabhsú agus comhionannas rochtain ar sheirbhísí idir phoiblí agus sóisialta. Saothróidh an Chomhairle leis na grúpaí mionlaigh eitneacha ar fad, An Lucht Siúil, dídeanaithe agus inimircigh chun imeascadh a chothú idir fhísiciúil, sóisialta agus cultúrtha.

### Mionlaigh Eitneach

#### Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

- KCDP 6-29** Saothrú agus tacú leis an grúpaí mionlaigh eitneach ar fad, An Lucht Siúil, dídeanaithe agus inimircigh chun imeascadh a chothú idir fhísiciúil, sóisialta agus cultúrtha

### 6.3 Bonneagar Pobail, Seirbhísí agus Áiseanna

Bíonn struchtúr lárnach riachtanach i ngach aon phobal. Láthair lárnach a bhíonn in áiseanna mar ionad pobail agus spóirt, leabharlann agus clós súgartha. Bíonn siad siúd ann mar ionaid oiriúnacha d'ócáidí mar spórt, cultúrtha, pobail, oideachais agus ócáidí shóisialta. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil gá i gcónaí le háiseanna ardchaighdeán chun pobail sláintiúla inmharthana a spreagadh ar fud an Chontae. Bíonn ról lárnach ag líon mór áisínteachtaí deonacha agus tionscadail phobail is iad ag cur le réimse leathan sa bhonneagar áitiúil sóisialta.





Ins na Treoracha um Fhorbairt Inmharthana Cónaithe i gCeanatair Uirbeacha (2009) leagtar béim ar an ngá atá le titíocht a bhreith isteach le bonneagar pobail agus sóisialta. Aithnítear go gcaithfidh áiseanna pobail a bheith lonnaithe in ionaid chomharsanachta, nó gar dóibh, agus seirbhís mhaith iompar poiblí a bheith in aice láimhe freisin.

Ar ndóigh bíonn leibhéal difriúla soláthar seirbhísí ag teastáil do lonnaíochtaí éagsúla, caithfidh an Chomhairle a chinntiú go mbíonn leordhóthain áiseanna sna pobail ar fad, ach ceann a thógaint de phróifíl an daonra agus spriocanna fáis a aithnítear sa Straitéis Lárnach.

Agus áiseanna nua á ndearadh, níor mhór a chinntiú go mbítear solúbtha de réir gá pobail a bhíonn ag athrú, d'fhéadfaí leas a bhaint as tráthnóntaí/deireadh seachtaine/saoire scoile don úsáid dúbailta. Agus moltaí forbartha á bplé, féadfaidh an tÚdarás Pleanála áiseanna pobail a chur san áireamh. Má bhíonn áiseanna nua pobail á gcur isteach pléifear ar bhonn leochaileach le haon tionchar diúltach a bheadh i gceist. Tacóidh an Chomhairle freisin le feabhsúcháin agus/nó athfhorbairt ar áiseanna pobail atá cheana féin ann ar fud an Chontae mar is cuí.

### Bonneagar Pobail, Seirbhísí agus Áiseanna

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

**KCDP 6-30** Tacú le grúpaí áitiúla spóirt, grúpaí pobail agus eile maidir le háiseanna a fhorbairt ar fud an chontae

#### 6.3.1 Spórt, Áiseanna Fóillíochta agus Spás Oscailte

Gné lárnach maidir le pobail inmharthana is ea áiseanna spóirt, caithimh aimsire agus áineasa do gach earnáil agus aoisgrúpa chun freastal ar éileamh daonra atá ag méadú. Aithníonn an Chomhairle an ról a bhíonn ag spás oscailte, fóillíochta agus conláistí a bhíonn ag cinntiú leas agus caighdeán feabhsaithe beatha an phobail ar fad.

De ghnáth beidh an Chomhairle fábharach d'aon mholadh ar áiseanna inmharthana fóillíochta don phobal ar láthair oiriúnach, níor mhór bithéagsúlacht agus cúinsí inmharthanachta níos leithne a chur san áireamh agus láithreacha á roghnú.

Tá sé mar pholasáí ag an gComhairle:

- Spórt áitiúil a spreagadh chomh maith le grúpaí pobail agus eile maidir le soláthar agus forbairt inmharthana ar spórt laistigh agus lasmuigh maraon le háiseanna pobail
- Tacú le grúpaí áitiúla spóirt, grúpaí pobail agus eile maidir le forbairt inmharthana áiseanna trí thalamh oiriúnach a chur in áirítear ar láithreacha cuí dona leithéid d'áiseanna
- Freastal ar riachtanais spóirt agus caithimh aimsire do gach earnáil agus aois, imeascadh lucht míchumais san áireamh sa timpeallacht spóirt agus caithimh aimsire
- Tacú le spás oscailte poiblí ar fud an chontae



### Spórt, Áiseanna Fóillíochta & Spás Oscailte

#### Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

- KCDP 6-31** Soláthar inmharthana áiseanna spóirt a éascú agus ceann á dtógaint de riachtanais fhóillíochta áitiúla
- KCDP 6-32** Na moltaí atá i 'Polasaí Súgartha a fhorbairt i gCiarraí' a fheidhmiú ar bhonn inmharthana i gcomhar leis na háisínteachtaí cuí ar fad
- KCDP 6-33** Tacú leis na tionscadail 'Sláintecare' agus 'Ciarraí Shláintiúil'
- KCDP 6-34** Cur i gcoinne áiseanna spóirt a chailliúint ach amháin má bhogtar an áis go dtí suíomh eile nó má léirítear nach bhfuil gá a thuilleadh toisc easpa éilimh ar a leithéid d'áis
- KCDP 6-35** Spásanna oscailte ilfheidhme a sholáthar ar láithreacha a bheadh oiriúnach d'úsáideoirí idir fhulangach agus gníomhach

### 6.3.2 Leabharlanna

Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le leabharlanna agus táthar freagrach as an seirbhís leabharlann poiblí ar fud an Chontae. Tá naoi gcinn de bhraisi leabharlainne ag seirbhís leabharlainne Chiarraí, dhá leabharlann so-ghluaiste maraon le roinn tiomanta don stair agus cartlann. Trín suíomh idirlín [www.kerrylibrary.ie](http://www.kerrylibrary.ie) bíonn seirbhísí ar líne mar chuid den chóras agus teacht saor in aisce ar réimse acmhainní mar idirlíon poiblí agus Wi-Fi, e-leabhair, e-nuachtáin, e-irisí, e-chúrsaí teangan agus e-fhoghlaim. Ar na clár leanúnacha bíonn tacaíocht don litearthacht agus scoileanna, forbairt léitheoireachta, clár ócáidí agus taispeántais, córas Chiarraí Ceart Léitheoireachta, Cúrsaí Oibre agus Éire Shláintiúil mar chuid den tionscadal An Leabharlann Agatsa.

Leanfaidh Comhairle Contae Chiarraí de sheirbhísí leabharlainne a chur chun cinn mar acmhainn thábhachtach leabharlainne do ghrúpaí agus daoine aonair a bhainfidh leas as réimse flúirseach seirbhísí idir fhisiciúil agus ar líne.

### Leabhair

#### Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

- KCDP 6-36** Na seirbhísí leabharlainne do phobail áitiúla ar fud an Chontae a leathnú is a chur chun cinn de réir Plean Forbartha Leabharlann Chiarraí 2016-2021 maraon leis an straitéis náisiúnta leabharlainne dar teideal Ár Leabharlanna Poiblí 2022: Pobail a Spreagadh, a Cheangal agus a Chumasáú (agus aon phlean a thagann ina ndiaidh siúd)
- KCDP 6-37** Teacht ar áiseanna is seirbhísí leabharlainne maraon le cur chuige comhtháite um sholáthar seirbhísí leabharlainne, ealaíona agus seirbhísí eile gaolmhara
- KCDP 6-38** Leanúint den bhforbairt inmharthana ar an mbonneagar leabharlainne agus soláthar a dhéanamh ar áiseanna nua leabharlainne ar láithreacha cuí, nó áiseanna atá cheana féin ann a shíneadh nó a athchóiriú, ionas go mbeidh dóthain ábhar, ardchaighdeán agus scaipeadh chun freagairt doghá na seirbhísí leabharlainne



### 6.3.3 Seirbhísí Sláinte

Tá géarghá le háiseanna cúram sláinte lena chinntiú go mbíonn teacht ag muintir an Chontae ar an gcúram a bhíonn riachtanach dóibh. Tá cúram sláinte ar fáil ó réimse soláthróirí idir sheirbhísí príobháideacha, pobail agus carthanachta. Bíonn níos mó béim anois ar chúram i measc an phobail seachas san ospidéal trí phlé le foirne cúraim príomhúil. Iarrfar ar áiseanna tógtha a éascú ar láithreacha cuí chun seirbhísí inrochtana a chinntiú is a chuimsiú ar fud pobail an Chontae.

Tacóidh an Chomhairle le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus áisínteachtaí eile reachtúil is deonach chun áiseanna cuí cúram sláinte a sholáthar, san áireamh beidh forbairt ar an gcóras um chúram ospidéil agus soláthar áiseanna cúraim príomhúil lonnaithe i measc an phobail.

#### Seirbhísí Sláinte

##### Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

- KCDP 6-39** Seirbhísí sláinte agus gaolmhara a éascú maraon lena mbreith isteach le pobail idir nua agus seanbhunaithe, áisínteachtaí poiblí, príobháideacha agus pobail a eascú maidir le háiseanna sláinte ar fud an Chontae
- KCDP 6-40** Seirbhísí éigeandála a éascú is a spreagadh, san áireamh beidh seirbhísí dóiteáin, tarrthála, héileapaid agus cúram géar ar láithreacha oirúnacha mar a mbeidh rochtain éasca, éifeachtúlacht agus sábháilteacht fheidhme maidir leis an ngréasán bóithre

### 6.3.4 Oideachas agus Foghlaim go ceann an tSaoil

Gne rí-thábhachtach is ea an t-oideachas i gCiarraí le blianta fada. Cuid lárnach den rath eacnamaíoch agus pobail láidre is ea oideachas, oiliúint agus foghlaim go ceann an tsaol. I ngeilleagar bunaithe ar eolas, cuireann an t-oideachas le fás mar sin é an príomhspreagadh do nuálacht theicneolaíoch agus soláthar. Tosaíocht is ea ardchaighdeán oideachais anois agus sa todhcháí.

Go príomha is iad na húdarais oideachais a thógann cinntí maidir le háiseanna oideachais. Is fíor, áfach, go mbíonn an córas pleanála an-thábhachtach ar fad, mar shampla, in ‘Soláthar Scoileanna agus an Córas Pleanála, Cód Cleachtas do na hÚdarais Pleanála (2008)’ deintear trácht ar iompar, seirbhísí uisce, áiseanna scoile, áineasa agus pobail tríghníomhaíochtaí na n-údarás pleanála, ar chlár infheistíochta na ranna rialtais, a n-áisínteachtaí siúd agus tríd an earnáil príobháideach.

Is é an ról go príomha a bhíonn ag an gComhairle ná dóthain tailte a chur in áirithe laistigh de na hionaid forbraíochta chun freagairt don éileamh ar áiseanna poiblí, an t-oideachas san áireamh. Níor mhór áiseanna oideachais a phleanáil is a chur i gcrích de réir forbairt chónaithe, go háirithe nuair a tharlaíonn an soláthar i gcomhthéacas Pleananna Ceantar Áitiúil nó Máistirphlean.

Tacóidh an Chomhairle le cur chuige pleanáilte do láithreacha scoileanna ionas go mbeidh teacht ar láithreacha molta agus scoileanna atá cheana féin ann trí rothaíocht/siúlóid agus iompar poiblí ó na príomhcheantair abhantracha.

San earnáil Ardoideachais, tá mianach san Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan mórán leas a sholáthar do scoláirí an chontae, an réigiúin, an geilleagar agus sochaí na háite. Trí institiúidí ar scála mór, béarfaidh a leithéid d’ollscoil teicneolaíochta leas idir shóisialta is eacnamaíoch don réigiún. Neartófar cúrsaí taighde, nuála agus reimse leathan oideachas ardchaighdeán ar gach aon champas.



Athníonn an Chomhairle luach agus riachtanas an fhoghlaim go ceann an tsaoil. Tá sé mar pholasaí tacú leis an Réigiún mar Réigiún Foghlama agus tacú leis an dtionscadal Cathair Foghlama a leathnú go dtí ionaid daonra idir uirbeach agus tuaithe. Tacófar freisin le Gréasán Cathracha Foghlama na hÉireann maraon le hullmhú is cur i gcrích Straitéis Ceantar Foghlama.

Cuirfidh an Chomhairle infheistíocht chomhordaithe chun cinn do sholáthróirí oideachais agus oiliúna, chomh maith le háisínreachtaí údarás áitiúla agus tionsclaíochta chun cur chuige comhtháite a sholáthar d'fhorbairt scileanna réigiúnacha/contae, ag freagairt do ghá agus deiseanna na ngeilleagar réigiúnacha agus foghlaim go ceann an tsaoil do chách.

Tá sé mar pholasaí ag an gComhairle:

- Forbairt inmharthana a éascú d'áiseanna oideachais idir bhunscoil, iarbhunscoil, allamuigh, taighde, daoine fásta agus breisoideachas in áiteanna oiriúnacha chun freagairt don ghá sa Chontae.
- A chinntiú go mbeidh soláthar agus feidhmiú áiseanna bunscoile is meánscoile de réir planáil gus forbairt ceantair chónaithe chun an leas is fearr a abhaint as siúlóid, rothaíocht agus iompar poiblí
- A chinntiú go mbíonn dóthain tailte is seirbhísí ar láithreacha chúí chun oideachas bunscoile agus iarbhunscoile a bhunú, a fheabhsú agus a leathnú sa Chontae. Tacaíonn an Chomhairle le háiseanna oideachais ilchamras
- Comhoibriú leis na háisínreachtaí cuí chun straitéis chomhtháite Chontae a ullmhú don soláthar oideachais agus traenála
- Scoileanna a oscailt don úsáid leathan pobail a spreagadh, a fhorbairt agus tacú léi

## Oideachas & Foghlaim don Saol

### Tá sé mar aidhm ag an gComhairle

- KCDP 6-41** An Roinn Oideachais & Scileanna agus An Bord Oideachais & Traenála Chiarraí, áisínreachtaí eile reachtúla agus eile a ghríosadh maidir le soláthar riachtanach áiseanna reachtúil is neamhreachtúil ar fud an chontae trí thailte a áirithint, ar láithreacha cúí, dona leithéid d'úsáid sna Pleananna Ceantar Áitiúil
- KCDP 6-42** Forbairt a éascú maidir le moltaí áirithint suíomh a fhorbairt, chomh fada agus is féidir, chomh gairid agus is féidir d'áiseanna pobail mar láithreacha spóirt, leabharlanna 7rl. ionas go bhféadfaí iadsan a roinnt idir scoil agus pobail.
- KCDP 6-43** Soláthar inmharthana a chur chun cinn ar áiseanna tiomanta don oideachas do dhaoine fásta agus pobail maraon gach aon leibhéal de sheirbhísí oideachais agus traenáil scileanna a choimeád is a leathnú.
- KCDP 6-44** Aird a thabhairt ar an doiciméad DoEHLG agus An Roinn Oideachais agus Scileanna dar teideal Soláthar Scoileanna agus An Córas Pleanála – Cód Cleachtais do na hÚdaráis Pleanála (2008).
- KCDP 6-45** Tacú le leathnú agus daingniú áiseanna Ardoideachais agus san áireamh beidh Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, na Fóraim Scileanna Réigiúnacha san áireamh, agus na Fóraim chéanna mar chuid den bhonneagar oideachais agus traenála a choimeád is a fheabhsú
- KCDP 6-46** Áiseanna roinnte idir scoileanna agus grúpaí pobail nuair is féidir.



### 6.3.5 Leanaí agus Daoine Óga

Deineann tuar ESRI go mbeidh meánaois mhuintir Chiarraí ag ardú, ach nach mbeidh laghdú ar an mórgóir ar an líon daoine óga. Sé sin le rá go mbeidh gá fós le soláthar agus feabhsú ar áiseanna agus conláistí do leanaí agus daoine óga mar chúram leanaí, scoileanna, clóis súgartha agus tailte spóirt agus go gcaithfear iad siúd ar fad a choimeád ar an leibhéal céanna fós go ceann i bhfad.

Ciallaíonn sé sin freisin mar a leanas, má bhíonn lear suntasach den bhfás daonra sa todhchaí laistigh de nó gar don lorg coise atá anois ann mar atá sa sprioc, beifear in ann an leas is mó agus is féidir a bhaint as áiseanna atá gar do láithreacha cónaithe leanaí agus daoine óga.

#### Leanaí agus Daoine Óga

##### Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

**KCDP 6-47** Oibriú leis na háisínreachtaí agus údaráis chuí chun riachtanais leanaí agus daoine óga a chur chun cinn idir fhisiceach, sóisialta agus cultúrtha

### 6.3.6 Cúram Leanaí

Riachtanais do bhonneagar an naisiúin agus sochaí cothrom is ea cúram leanaí inacmhainne ardchaighdeán, geilleagar láidir agus pobail inmharthana. Tá brú mór ar sholáthar chúram leanaí i gCiarraí agus gá le cur chuige nua pleanála maraon le hinfheistíocht leanúnach a chinntiú.

#### Cúram Leanaí

##### Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

**KCDP 6-48** Soláthar áiseanna cúram leanaí maraon le scoileanna nua agus athchóirithe ar shuímh in áiteanna oiriúnacha laistigh de nó gar do cheantair mar a bhfuil tithíocht, chun freastal ar riachtanais éagsúla na bpobal aitiúla

### 6.3.7 Ionaid Adharta, Reiligí agus Créamatóirí

Aithníonn an Chomhairle an t-ionchur mór a bhíonn ag láithreacha adharta sa chomhthéacs pobail agus iarrfar ar sholáthar agus/nó leathnú a éascú chomh fada agus is féidir nuair is cuí. Tá an Chomhairle freagrach as tailte adharta a sholáthar, san áireamh bíonn fáil tailte agus oibreacha orthu nuair is gá. Tá ról ag an Údarás Pleanála ag cinntiú go mbíonn dóthain tailte in áirithe de réir gá sa chontae sa todhchaí. Bheadh síneadh reiligí nó suímh nua i gceist le linn tréimhse an Phlean seo. Úsáidtear créamatóirí minic go leor le blianta beaga anuas agus níl leithéid d'áiseanna sa Chontae. Mar aitheantas don daonra ilchultúrtha atá anois sa Chontae agus do na hathruithe ar nósanna seirbhísí sochraide, tacóidh an Chomhairle le créamatóir a fhorbairt don chontae nuair is cuí.

#### Ionaid Adharta, Reiligí agus Créamatóirí

##### Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

**KCDP 6-49** Soláthar láithreacha adhlactha agus síneadh le reiligí a éascú chun freastal ar an ngá sa Chontae. Láithreacha nua adhlactha a fhorbairt ar stíl faiche oscailte agus leordhóthain spás páirceála. Láthair aitheanta a shocrú do luaithrigh, mar ghairdín nó falla mar cholmlann sa reilig

**KCDP 6-50** Grúpaí áitiúla pobail a spreagadh chun áiseanna adhlactha (nua) a fhorbairt, a bhainistiú is a chothabháil ar bhonn inmharthana

**KCDP 6-51** Bunú créamatóirí i gCiarraí a éascú ar láthair oiriúnach.

**KCDP 6-52** Athrú ar áitribh go dtí úsáid eile mar láithreacha adharta a éascú faoi réir leordhóthain spás páirceála agus a laghad cailteanas ar chonláistí cónaithe atá cheana féin ann



### 6.3.8 Stáisiún Dóiteáin

Leanfaidh an Chomhairle den bhforbairt agus uasghrádú ar an seirbhís dóiteáin sa tsoláthar seirbhísí dóiteáin don Chontae.

#### Stáisiún Dóiteáin

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

**KCDP 6-53** Leanúint de thacú le seirbhís éifeachtach nua-aimseartha dóiteáin